OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Treoir maidir le *Viva* PhD

## Tús a chur leis an Ullmhúchán do Viva PhD



# Treoir maidir le *Viva* PhD

## Tús a chur leis an Ullmhúchán do *Viva* PhD

*Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas páirtmhaoiniú ar an tionscnamh seo faoi Chiste Nuálaíochta Straitéisí 2.*

National Development Plan 2007 - 2013

Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science

OÉ Gaillimh
NUI Galway

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

# Brollach an Údair

> *Few students realize why there are external and internal examiners, and what they are supposed to do… or how long the whole process from submission to viva may take* ***(Delamont et al., 2004, p. 141).***

Is ann don treoir seo chun tacú le mic léinn PhD agus iad ag ullmhú don scrúdú cainte, an *viva voce*. Cinneadh a leithéid d'acmhainn a chur ar fáil mar gur cosúil nach mbíonn an tuiscint chéanna ag gach mac léinn PhD ar an bpróiseas a bhaineann leis an *viva*. Cé go gcuirtear ar an eolas iad faoi fhoinsí a bhaineann le próiseas an PhD, bíonn faitíos ar iarrthóirí agus iad ag ullmhú don *viva*; is é an "indeterminacy of thesis examination" a chuireann imní orthu (Rudestam agus Newton, 2001, l. 148). Ar ndóigh, bíonn iarrthóirí PhD ag iarraidh dearbhú a fháil go bhfuil an cur chuige atá acu i leith an viva sách maith. Dá bhrí sin, déanann an treoir seo iarracht an mistéir a bhaint ón bpróiseas trí chomhairle úsáideach a chur le chéile ó réimse téacsanna a bheidh mar thús áite acu agus iad ag ullmhú don *viva*.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an Ionad um Fheabhas Foghlama agus Teagaisc (CELT) agus leis an Déan Staidéar Iarchéime, an Dr Pat Morgan, as an spreagadh agus an tacaíocht a chuir siad ar fáil dom agus mé ag scríobh agus ag foilsiú na treorach seo.

***Dr. Ann M. Torres***
***Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes***
***Ollscoil na hÉireann, Gaillimh***

# Brollach an Déin

Forbraíodh an leabhrán seo in OÉ Gaillimh chun cuidiú le mic léinn iarchéime agus iad i mbun PhD. Tá an-áthas orainn gur scríobh an Dr Torres an leabhrán seo agus dea-chleachtas idirnáisiúnta agus treoirlínte na hollscoile do chéimeanna taighde á gcur san áireamh. Tá mé cinnte go mbeidh an leabhrán seo ina chabhair agat agus tú ag ullmhú don viva. Féach ar an láithreán gréasáin (http://www.nuigalway.ie/graduatestudies) agus ar láithreán Blackboard (1GST1) d'acmhainní breise.

*Dr. Pat Morgan*
*An Déan Staidéir Iarchéime*
*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

*N.B. Tá an leabhrán seo mar thacaíocht do Threoirlínte na hOllscoile do Chéimeanna Taighde, is iad sin na treoirlínte ollscoile foirmiúla cothrom le dáta agus tá siad ar fáil chomh maith ar http://www.nuigalway.ie/media/graduatestudies/files/university_guidelines_for_research_degree_programmes.pdf*

# Focail *Viva* PhD



# Clár

**Cuspóir an *Viva*** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **1**
**Céard leis ar cheart a bheith ag súil** . . . . . . . . . . **3**
*Stiúrthóirí, Scrúdaitheoirí agus an Cathaoirleach* . . 3
*Fad, Suíomh agus Torthaí Féideartha* . . . . . . . . . . 5
Tábla 1: Gnéithe de Thuairisc na Scrúdaitheoirí 5
Tábla 2: Próiseas Scrúdaithe an PhD:
Torthaí féideartha . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6
*Torthaí féideartha* . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7
**Tábhacht an Ullmhúcháin** . . . . . . . . . . . . . . . . **9**
*An Tráchtas Scríofa* . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 10
*Beartais agus Nósanna Imeachta na hOllscoile* . . . . 11
*Athbhreithniú ar an PhD agus Lóistíocht* . . . . . . . . 11
*Cur i Láthair agus Viva Bréige* . . . . . . . . . . . . . . . 13
*Ceisteanna a Ullmhú, a Fhreagairt agus a Chur* . . . . 14
Tábla 3: Earráidí samplacha agus tú ag Freagairt
Ceisteanna *Viva* . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 17
**An *Viva* agus ina dhiaidh** . . . . . . . . . . . . . . . . **19**
*Ar an lá* . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 19
Tábla 4: Noda: ar lá an *Viva* . . . . . . . . . . . . . 20
I ndiaidh an Viva . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 22
*Tuairimí Scoir* . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 23
**Liosta Tagairtí** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **25**
*Foinsí Breise* . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 27
**Aguisín 1: Ceisteanna Coitianta a**
**Chuirtear ag *Viva** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . **29**

# Cuspóir an Viva

*The PhD is not meant to be flawless and definitive. It is a research training. It is a 'master piece' in the old guild sense of the carefully-done job which shows that an apprentice is now qualified to practice this trade* ***(Connell, 1985, p. 38 as cited in Leonard, 2001, p. 237).***

Seasann an *viva* voce, glór beo sa Laidin (Rugg agus Petre, 2004), do theacht chun críche eispéireas na dochtúireachta. Tá traidisiún fada ag baint leis an *viva* nó an scrúdú cainte mar a thugtar air chomh maith, agus tugann sé an deis d'iarrthóir PhD labhairt go poiblí faoina c(h)uid taighde agus a c(h)umas chun seasamh leis an taighde a léiriú (Roberts, 2004). Is deis é do na hiarrthóirí a gcuid saineolais sa taighde atá déanta acu a thaispeáint (Burton agus Steane, 2004).

Ó pheirspictíocht iomlánaíoch, ní hamháin gur scrúdú atá sa *viva* ach is cuid fhoirmitheach agus oideachasúil de phrintíseacht acadúil an iarrthóra atá ann chomh maith (Pearce, 2005, l. 79).

Chomh maith leis sin deirtear go bhfuil sé "appropriate that the entry to an academic career should include a requirement to be clear and articulate and to defend one's ideas when challenged" (Leonard, 2001, l. 241).

Ó thaobh na scrúdaitheoirí de, is é aidhm an *viva* measúnú a dhéanamh ar thaighde an iarrthóra mar phíosa de scoláireacht ardleibhéil. Déanann na scrúdaitheoirí iarracht a chinntiú gur leis an iarrthóir féin an obair, gur féidir an taighde a chur i gcomhthéacs acadúil níos leithne, agus déanann siad iarracht measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann sé leis an litríocht (Lee, 2012; Delamont et al., 2004). Is deis atá sa *viva* chomh maith do na scrúdaitheoirí soiléiriú a fháil ar ghnéithe de thaighde an iarrthóra, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar chumas an iarrthóra

léirmheas agus anailís a dhéanamh.

Is í an smaointeoireacht chriticiúil bunús na dochtúireachta, mar go n-éilíonn an próiseas taighde go bhfaigheadh an t-iarrthóir freagra ar shraith fadhbanna agus go léireodh sé/sí conas a dhéanfaí dul chun cinn ó gach céim chun aghaidh a thabhairt ar an gceist taighde. Dá bhrí sin, cuardaíonn na scrúdaitheoirí fianaise ar chumas an iarrthóra torthaí a shamhlú, creatlaí teoirice a fhorbairt, smaointe a shintéisiú, agus naisc i measc tógán a bhunú (Lee, 2012).

Baineann critéir na hOllscoile i dtaobh PhD a bhronnadh ar na nithe seo a leanas a bheith bainte amach ag taighde iarrthóra:

- Go bhfuil curtha go mór aige/aici le heolas agus le léann
- Go bhfuil an cumas léirithe aige/aici smaoineamh go criticiúil agus as a stuaim féin
- Gur léirigh sé/sí go bhfuil eolas domhain agus leathan agus tuiscint dhomhain agus leathan aige/aici ar an réimse/na réimsí cuí staidéir sa tráchtas agus sa scrúdú *viva*.
- Go bhfuil saineolas suntasach faighte aige/aici maidir le modhanna agus teicnící bunúsacha agus ardleibhéil
- Go bhfuil tráchtas curtha i láthair aige/aici leis an struchtúr agus stíl scríofa chuí
- Go bhfuil obair curtha i gcrích aige/aici ar féidir í a fhoilsiú

Cé go "mbíonn fianaise maidir leis na critéir sin sa tráchtas, tá an scrúdú cainte ríthábhachtach [lena dhearbhú] gur baineadh na caighdeáin chuí amach.

# Céard leis ar cheart a bheith ag súil

*[The] viva will consist of a panel comprising of [the] internal and external examiners, [the] supervisor … and a neutral chair. The one universal principle is that thesis and student are examined by someone who has not yet been involved in the project* ***(Murray, 2009, p. 44).***

## Stiúrthóirí, Scrúdaitheoirí agus an Cathaoirleach

Tá príomhstiúrthóir an iarrthóra freagrach as na socruithe cuí a dhéanamh don phróiseas scrúdaithe. Oibríonn an príomhstiúrthóir leis na scrúdaitheoirí, duine inmheánach agus duine seachtrach, agus leis an gcathaoirleach chun dáta don viva a dhearbhú. Ba cheart go dtarlódh an viva laistigh de dhá mhí ón uair a leagann an t-iarrthóir isteach an tráchtas. Tá an cathaoirleach neamhspleách agus ní scrúdaitheoir atá ann/inti; is é ról an chathaoirligh a chinntiú go ndéantar bainistiú cóir ar an viva de réir rialacháin PhD na hollscoile. Mar shampla, ag tús an scrúdaithe, cuireann an cathaoirleach na páirtithe éagsúla i láthair go foirmiúil agus déanann sé/sí cur síos ar na rialacháin agus ar na nósanna imeachta a bhaineann leis an viva.

Tá na scrúdaitheoirí inmheánacha agus seachtracha freagrach as measúnú a dhéanamh ar thráchtas an iarrthóra chomh maith leis an viva voce. Comhalta foirne acadúil, a bhfuil an saineolas agus an taithí chuí aige/aici, a bheidh ina scrúdaitheoir inmheánach. Saineolaí a bhfuil seasamh idirnáisiúnta aige/aici i réimse staidéir an tráchtais a bheidh sa scrúdaitheoir seachtrach.

De bharr shaineolas na scrúdaitheoirí seachtracha, tá ról riachtanach acu agus, de ghnáth, is iad a bhíonn i gceannas ar an scrúdú cainte.

Féadfaidh ceachtar de bheirt stiúrthóirí an iarrthóra, príomhstiúrthóir nó stiúrthóir tánaisteach, freastal ar an viva, ach aontú na scrúdaitheoirí, an chathaoirligh agus an mhic léinn a bheith faighte. Ach ní ghlacann an stiúrthóir páirt ná ní chuireann sé/sí isteach ar an bpróiseas scrúdaithe agus níl de chead aige/aici ach breathnú ar imeachtaí an viva. Chomh maith leis sin, táthar ag súil go bhfágfaidh sé/sí an scrúdú nuair a bheidh an plé deiridh ar bun ag na scrúdaitheoirí. Is féidir go mbeadh sólás éigin le fáil as láithreacht an stiúrthóra ag an viva; agus is féidir leis an stiúrthóir cabhrú chomh maith trí nótaí a thógáil don iarrthóir (Russell, 2008). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara chomh maith go dtéitear i gcomhairle leis an iarrthóir maidir le roghnú na scrúdaitheoirí seachtracha agus inmheánacha, chomh maith leis an gcathaoirleach. Ina theannta sin, féadfaidh an t-iarrthóir cur i gcoinne scrúdaitheoir nó cathaoirleach atá molta a cheapadh.

Tá tuilleadh eolais faoi róil na stiúrthóirí, na scrúdaitheoirí agus an chathaoirligh le linn phróiseas an viva ar fáil in Murray (2009; féach *Caibidil 3 Roles and Responsibilities); Pearce* (2005; féach *Caibidil 5 The viva) agus Delamont et al* (2004; féach *Caibidil 9 A Lack of Genuine interest: Choosing the Right External and Preparing the Student for the Examination*).

## Fad, Ionad agus Torthaí Féideartha

Bíonn faid éagsúla i gceist leis an viva; ach tá sé réasúnta a bheith ag súil leis go mairfidh an scrúdú uair an chloig ar a laghad agus níos lú ná trí uair an chloig. Go hiondúil bíonn an viva ar siúl ar an gcampas agus is fearr go mbeadh na scrúdaitheoirí ar fad i láthair go fisiciúil.

Táthar ag súil go dtabharfaidh na scrúdaitheoirí aiseolas don iarrthóir chomh luath agus is féidir. I ndiaidh an tseisiúin ceisteanna agus freagraí, is gnách iarraidh ar an iarrthóir an seomra a fhágáil fad is a bhíonn na scrúdaitheoirí i mbun plé. D'fhéadfadh an plé seo leanúint ar aghaidh ar feadh cúpla nóiméad nó ar feadh uair an chloig (Sternberg, 1981). Ar ndóigh, braithfidh an t-iarrthóir go mbeidh an tréimhse plé seo thar a bheith fada. Tabharfaidh an cathaoirleach cuireadh don iarrthóir teacht ar ais agus tabharfaidh na scrúdaitheoirí aiseolas neamhfhoirmiúil ó bhéal maidir leis na moltaí a dhéanfaidh siad chuig Coiste Seasta na Comhairle Acadúil, an foras a dhéanann an dámhachtain.

Tá na príomhghnéithe a bhíonn san áireamh i dtuairiscí na scrúdaitheoirí agus torthaí féideartha an phróisis scrúdaithe le feiceáil i dTábla 1 agus 2.

### *Table 1 : Elements of the Examiners' Report*

| |
|---|
| An méid a chuireann an saothar le heolas agus le léann. |
| Cumas an iarrthóra smaoineamh go criticiúil agus as a stuaim féin, agus an cumas a léiriú go bhfuil eolas agus tuiscint dhomhain agus leathan aige/aici ar an réimse/na réimsí staidéir chomh maith leis an gcaoi ar chruthaigh sé/sí ag an viva. |
| Saineolas an iarrthóra ar mhodheolaíochtaí agus ar theicnící ábhartha. |
| A mhéad atá ábhar an tráchtais feiliúnach lena fhoilsiú. |
| Struchtúr, stíl scríofa agus cur i láthair iomlán an tráchtais. |
| An cineál ceartúcháin atá ag teastáil ón tráchtas (más cuí). |

## *Tábla 2: Próiseas Scrúdaithe an PhD: Torthaí Féideartha*

| Torthaí Féideartha | An Cineál Ceartúcháin (Teorainneacha Ama) |
|---|---|
| *PhD a bhronnadh* | Ceann ar bith |
| | Ceartúcháin sa chló (mí amháin) |
| | Ceartúcháin san ábhar (mí amháin) |
| | Mórcheartúcháin san ábhar (trí mhí) |
| *Athbhreithniú* | Cead tráchtas athbhreithnithe a leagan isteach *leis* an dara *viva* (bliain amháin) |
| *Céim Mháistreachta a bhronnadh* | Ceann ar bith |
| | faoi réir ceartúchán sa chló |
| | faoi réir ceartúchán san ábhar |
| *Diúltaigh* | Ní mholtar an tráchtas a leagan isteach an athuair |

## Torthaí Féideartha

I measc na dtorthaí féideartha tá an deis ann PhD a *bhronnadh, mar atá*, nó a *dhiúltú gan aon mholadh é a leagan isteach in athuair*. "Outright failure is uncommon, but not unknown" (Delamont et al., 2004, l. 158). Is iondúil go léiríonn cás mar seo laige nó fadhb mhór a bhfuil na stiúrthóirí agus an t-iarrthóir ar an eolas fúithi sula leagtar isteach an tráchtas. I bprionsabal, is féidir teip ag an viva a sheachaint. Agus iad i mbun a gcuid taighde, ba chóir d'iarrthóirí glacadh le comhairle na stiúrthóirí. Chomh maith leis sin, ba cheart d'iarrthóirí a gcuid taighde a chur i láthair ag seimineáir agus i bhfoilseacháin roimh an viva ionas go bhféadfaí aon neamairt a thabhairt faoi deara (Rugg agus Petre, 2004).

Éiríonn le formhór na n-iarrthóirí agus iarrtar ar go leor eile leasuithe de chineál éigin a dhéanamh ar an tráchtas. Tabhair faoi deara nach féadfar "cáilíocht a bhronnadh ar an iarrthóir go mbeidh an tráchtas leasaithe fágtha isteach in Oifig na Scrúduithe agus na hathruithe riachtanacha deimhnithe ag an/ na scrúdaitheoir(í) inmheánach(a)". Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh iarrthóir an teideal Dr a úsáid go hoifigiúil go dtí go mbeidh na ceartúcháin déanta, glactha agus cláraithe le hOifig na Scrúduithe, rud a léiríonn go bhfuil an chéim bronnta ag an ollscoil ar an iarrthóir.



# Tábhacht an Ullmhúcháin

> *A candidate must prepare for the defense in three areas: 1. total mastery of the substance of the [thesis]; 2. packaging of the [thesis] for the social ritual of the formal defense; 3. cultivation of a set of self-protective and realistic attitudes about the defense which will carry the [candidate] through both the predefense period and defense itself with relative equanimity* **(Sternberg, 1981, p. 196).**

Féadfaidh an chaoi a gcruthaíonn iarrthóir é/í féin le linn an viva a bheith chomh tábhachtach leis an tráchtas scríofa. Beidh measúnú déanta ag na scrúdaitheoirí ar an tráchtas roimh an viva, ach "a strong performance at the viva could sway them if they were unconvinced about parts of the [candidate's] thesis. Equally, a weak performance might make them question their inclination towards passing the candidate" (Russell, 2008, l. 122). Tabhair faoi deara, tá doiléire ag baint leis na critéir atá ann chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chruthaigh iarrthóir é/í féin ag an viva. Ach is cinnte go ndéanann scrúdaitheoirí iarracht a dhéanamh amach an bhfuil an t-iarrthóir in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i bplé faoina c(h)uid taighde.

I ndáil leis seo, is féidir leis an iarrthóir ullmhú don viva trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: tráchtas ar ardchaighdeán a leagan isteach, beartais agus nósanna imeachta na hollscoile a léamh, féachaint ar na lóistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint ó bhéal, páirt a ghlacadh i viva bréige, ceisteanna féideartha viva a ullmhú agus a fhreagairt.

# An Tráchtas Scríofa

*[Candidates] rarely appreciate how long it takes to proofread a text … they must find a friend and read the whole thing aloud, punctuation and all, especially checking the tables, figures, and data* **(Delamont et al., 2004, p. 155).**

Go hidéalach, ba cheart don iarrthóir tús a chur leis an ullmhúchán don *viva* sula leagtar isteach an tráchtas. Go deimhin, níor cheart an tráchtas a leagan isteach go mbeidh an t-iarrthóir, na stiúrthóirí agus baill an choiste Taighde Iarchéime (GRC) sásta go bhfuil an taighde curtha i gcrích agus go léiríonn sé léann ar ardchaighdeán (Roberts, 2004). I ndáil leis seo, ba chóir go ndéanfadh an t-iarrthóir iarracht dréacht ar ardchaighdeán den tráchtas a leagan isteach. "A manuscript replete with errors ... invites criticism" (Glatthorn, 1998, lgh. 183- 184). Dá bhrí sin, ba chóir don iarrthóir am a chaitheamh ag profléamh agus ag ceartú go cúramach sula leagtar isteach an tráchtas, agus ba cheart a chinntiú go gcloíonn an tráchtas le rialacháin na hollscoile maidir le tráchtais a leagan isteach (Thomas agus Brubaker, 2000).

Ba chóir go mbeadh an t-iarrthóir ullmhaithe ceisteanna ar aon ghné den tráchtas a fhreagairt. Ina theannta sin, is féidir aon ní nár chuir an t-iarrthóir sa tráchtas, trí thimpiste nó d'aon turas, a cheadú le linn an *viva*. Ba chóir a bheith cúramach agus tú ag lua eolas nua le linn an scrúdaithe cainte, mar d'fhéadfadh na scrúdaitheoirí a mholadh don iarrthóir go bhfuil gá le tuilleadh taighde a dhéanamh (Wisker, 2008).

## Beartais agus Nósanna Imeachta na hOllscoile

Ar cheann de na chéad chéimeanna is ceart a dhéanamh agus tú ag ullmhú don *viva* is ea polasaithe agus nósanna imeachta na hollscoile maidir le próiseas an PhD a bhainistiú, a léamh agus eolas maith a chur orthu. Is féidir teacht orthu i dTreoirlínte OÉ Gaillimh. Tá teacht ar acmhainní d'iarrthóirí PhD ar láithreán gréasáin na hollscoile don Staidéar Iarchéime, agus ar láithreán Blackboard (1GST1). Tá eolas ar fáil d'iarrthóirí atá ag réiteach lena dtráchtas a leagan isteach agus atá ag ullmhú don scrúdú cainte. Go hiondúil, pléifidh an príomhstiúrthóir agus an cathaoirleach na beartais agus na nósanna imeachta leis an iarrthóir le cinntiú go bhfuil siad soiléir, agus freagróidh siad ceisteanna a eascraíonn ón bpróiseas scrúdaithe.

## Athbhreithniú ar an PhD agus Lóistíocht

Is í an chéad chéim eile athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an tráchtas scríofa d'fhonn "respond readily and authoritatively" ar cheisteanna a chuirtear (Roberts, 2004, l. 182). Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoi na príomhfhoinsí a d'úsáid siad, a bheith in ann a gcuid modhanna a mhíniú agus seasamh leo, agus a bheith in ann a gcuid torthaí a léirmhíniú agus a phlé, chomh maith le heolas a thabhairt faoi impleachtaí a gcuid taighde. (Glatthorn,1998). Le linn phróiseas an athbhreithnithe seo, ba cheart don iarrthóir a bheith dian go maith air/uirthi féin ag féachaint ar laigí a bhféadfadh aird na scrúdaitheoirí a tharraingt. (Roberts, 2004).

Moltar gan a bheith ag breathnú tríd an tráchtas le linn an *viva*, mar bíonn scrúdaitheoirí ag súil leis go

mbeidh eolas maith ag an iarrthóir ar a c(h)uid oibre. Úsáideann roinnt iarrthóirí cluaisíní, greamáin nó lipéid ionas go mbeidh siad in ann teacht go héasca ar leathanaigh agus ar shleachta a d'fhéadfadh a bheith úsáideach le linn an *viva,* cosúil le creatlaí coincheapúla, pointí achrannacha, príomhthorthaí agus impleachtaí (Wisker, 2008; Pearce, 2005). Is fearr le hiarrthóirí eile an tráchtas a chomhdhlúthú mar bhealach chun na príomhsmaointe, coincheapa, torthaí agus impleachtaí a aithint. Má thaitníonn an próiseas seo a bhaineann le réaduchtú córasach leat, féach ar chaibidil 12 *The Examination System* le Phillips agus Pugh (2010), a dhéanann cur síos ar an gcur chuige atá ag na húdair seo maidir leis an tráchtas iomlán a bheachtú ar dhá nó ar thrí leathanach.

Roimh an *viva*, is fiú teacht chuig an seomra ina mbeidh sé ar siúl ionas go mbeidh tú níos compordaí ann i rith an phróisis scrúdaithe. Más féidir, téigh chuig an seomra nuair nach bhfuil aon duine eile ann agus suí san áit a mbeidh an scrúdú cainte ar siúl chun *cosaint rathúil* ar an taighde a shamhlú.

# Cur i Láthair agus *Viva* Bréige

> *Difficulties that may arise during the oral defense can often be foreseen, … candidates who are aware of potential problems can be prepared ahead of time to wend their way safely through the minefield of professors' questions and suggestions* ***(Thomas and Brubaker, 2000, p. 257).***

Ina leith seo, bíonn an-tairbhe le baint as *viva* bréige agus as cur i láthair ag comhdhálacha maidir le hullmhú don scrúdú cainte agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna le soiléireacht agus le muinín (Burton agus Steane, 2004). Is bealach éifeachtach é seo chun cabhrú le hiarrthóirí a bheith ar a gcompord leis an ngnáthfhormáid ceisteanna agus freagraí a bhaineann le formhór na scrúduithe cainte agus tugann sé deis don iarrthóir aird a dhíriú ar cheisteanna a d'fhéadfadh a theacht aníos le linn an *viva*. Cabhraíonn na criticí ó na seisiúin chleachtaidh seo leis an iarrthóir a gcuid smaointe a chur in eagar agus a shoiléiriú. (Russell, 2008). Go hidéalach, ba cheart go spreagfadh na ceisteanna a chuirtear le linn na seisiún seo an t-iarrthóir le tuilleadh eolais a chur ar an réasúnaíocht, ar an anailís agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis an taighde.

Ach ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbíonn stiúrthóirí agus comhghleacaithe "sure what the examiners will come up with during the examination" (Graves agus Varma, 1997, l. 94).

# Ceisteanna a Ullmhú, a Fhreagairt agus a Chur

> *The more [the candidate] can frame the final oral defense of the [thesis] as an opportunity to present [their] research publicly, the better the experience is likely to be* **(Rudestam and Newton, 2001, p. 194).**

Go hiondúil tugann na ceisteanna a chuirtear le linn *viva* deis don iarrthóir hipitéis, modhanna agus torthaí a bhaineann leis an taighde a lua in athuair (Russell, 2008). Moltar d'iarrthóirí ullmhú do na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfadh scrúdaitheoir a chur agus freagraí cuí a réiteach ina leith. Go deimhin, is maith an rud é liosta ceisteanna neamh-inmhianaithe nó a mbeadh faitíos ort rompu, chomh maith le freagraí orthu a réiteach don *viva* (Roberts, 2004). Tá Aguisín 1: Ceisteanna Coitianta a chuirtear ag *Viva* curtha le chéile le cabhair ó fhoinsí éagsúla (Glatthorn, 1998; Delamont et al., 2004; Pearce, 2005 Roberts, 2004; Rugg agus Petre, 2004; Russell, 2008; Wisker, 2008); féadfaidh sé feidhmiú mar acmhainn agus an t-iarrthóir ag ullmhú don seisiún ceisteanna agus freagraí leis na scrúdaitheoirí.

Chomh maith leis sin, mar gheall gur saineolaí ar an ábhar an scrúdaitheoir seachtrach go hiondúil, is fiú cuimhneamh ar spéis agus ar thuairimí acadúla an scrúdaitheora sheachtraigh agus tú ag ullmhú freagraí ar cheisteanna (Delamont et al., 2004). Dá bhrí sin, b'fhiú na hailt is déanaí atá foilsithe ag na scrúdaitheoirí in iriseáin a léamh agus cuimhneamh ar an dearcadh a bhféadfadh a bheith ag an scrúdaitheoir i leith an taighde.

Freagair ceisteanna go soiléir, "precisely, ... concisely, and then STOP" (Thomas agus Brubaker, 2000, l. 263). Is é sin, tabhair freagra ar an gceist ar dtús báire agus ansin cur leis más gá. Tar éis freagra a thabhairt, is féidir leis an iarrthóir dearbhú a lorg ó na scrúdaitheoirí trí cheist a chur "An bhfreagraíonn sé sin an cheist?" nó "Ar mhaith leat go dtabharfainn tuilleadh eolais faoi sin?" (Roberts, 2004, l. 184).

Agus tú ag freagairt ceisteanna na scrúdaitheoirí, bain úsáid as na hargóintí, na smaointe agus na samplaí a bhí sa tráchtas. I gcás go bhfuil an t-iarrthóir ag déanamh an iomarca athrá ar phointe, 'just stop and smile, or simply say "sorry, I'm repeating myself"' (Rugg agus Petre, 2004, l. 177).

Níl aon ghá freagra a thabhairt ar an bpointe boise. Tá sé ceadaithe am a ghlacadh agus ceisteanna á bhfreagairt. Féadfaidh iarrthóir am a ghlacadh le cuimhneamh trí stopadh chun machnamh a dhéanamh agus ansin an cheist a chur ar bhealach eile sula bhfreagraíonn sé/sí. (Roberts, 2004). Nó féadfaidh iarrthóir am machnaimh a thabhairt dó/di féin trí phlámás a dhéanamh leis an scrúdaitheoir a rá, "Is ceist mhaith í sin", agus léiríonn sé sin chomh maith go ndearnadh machnamh ar an gceist cheana féin

(Burton agus Steane, 2004). Chomh maith leis sin, tá sé réasúnta don iarrthóir freagra a thabhairt ar cheist a rá "That's an interesting question; I'll need to think about that for a moment" (Rugg agus Petre, 2004, l. 173). Ar an iomlán, ba cheart don iarrthóir iarracht a dhéanamh "defend [their] work firmly, but calmly" (Delamont et al , 2004, l. 153).

Uaireanta, ní bheidh na ceisteanna a chuirfear go hiomlán soiléir; tá sé go hiomlán réasúnta go n-iarrfaí soiléireacht roimh fhreagra a thabhairt. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh scrúdaitheoirí ceist a chur ar a mbeadh freagra bunaithe ar thuairimíocht nó ar bhreithiúnas feiliúnach, seachas ar thorthaí an taighde. Mura bhfuil an t-iarrthóir cinnte faoin gcineál freagra

atá ag teastáil, iarr soiléireacht. D'fhéadfadh ceisteanna áirithe dul lasmuigh de scóip an staidéir nó d'fhéadfadh sé nach mbeadh baint acu leis an staidéar. I gcásanna den chineál seo, ba cheart don iarrthóir tagairt a dhéanamh don mhír sa tráchtas a dhéanann cur síos ar scóip agus ar theorainneacha an staidéir. (Trafford agus Leshem, 2008).

Lena chois sin, bheadh sé stuama "concede that it is an interesting question and would make an excellent topic for a follow-up study" (Roberts, 2004, l. 184).

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur iondúil go mbíonn ceist amháin a chuireann scrúdaitheoir nach mbíonn ar chumas an iarrthóra a fhreagairt (Rudestam agus Newton, 2001). I gcás mar seo, "there is no harm in saying "I don't know." It is better to tell the truth, than to fake it" (Roberts, 2004, l. 184). Ina theannta sin, má éiríonn iarrthóir trína chéile le linn an *viva*, tarraing d'anáil, cuimhnigh ort féin, agus glac forlámhas ar chúrsaí trí thagairt a dhéanamh don tráchtas. Tá sé inghlactha chomh maith céanna briseadh gearr a thógáil (e.g. le dul chuig an leithreas nó chun deoch uisce a ól), rud a thabharfaidh deis duit eagar a chur ar do chuid smaointe agus d'aigne a athdhíriú.

Déantar achoimre i dTábla 3 ar na hearráidí samplacha a dhéanann iarrthóirí agus iad ag freagairt ceisteanna *viva* agus moltar bealaí leis na hearráidí seo a sheachaint. Tá comhairle mhaith le fáil ó Rugg agus Petre (2004) maidir le conas déileáil le ceisteanna uafásacha *viva* (féach leathanaigh 179 go 180). Tá cur síos chomh maith ag Murray (2008) i gCaibidil 6 Answers ar roinnt straitéisí úsáideacha maidir le ceisteanna scrúdaitheoirí a fhreagairt. Chomh maith leis sin, tá samhail ar fáil i gCaibidil 12 Dynamics of the Doctoral *viva* i leabhar Trafford agus Leshem (2008) a bhaineann le céimeanna seicheamhacha ceisteanna do *viva* dochtúireachta: réamhdhréacht, oscailt, tuairim chomhdhlúthaithe, agus deireadh.

## *Tábla 3: Earráidí Samplacha agus tú ag freagairt ceisteanna Viva*


| Earráid Shamplach | Freagra Molta |
|---|---|
| Easpa Soiléireachta | Má tá míshoiléireacht ag baint le ceist, moltar soiléireacht a iarraidh ar a bhfuil i gceist. |
| Eolas ar Iarraidh | Má chuirtear ceist nach bhfuil freagra ag an iarrthóir uirthi, moltar a bheith ionraic agus a rá nach bhfuil an freagra agat. |
| Ag Éirí Cosantach | Má chuirtear ceist a cheaptar a bheith ionsaitheach, freagair go réidh í seachas go hionsaitheach agus ná tóg go pearsanta í. |
| Leithscéalta a dhéanamh | Má chuirtear in iúl go bhfuil earráid, locht nó fadhb thromchúiseach sa tráchtas – éist, tabhair aitheantas d'fhiúntas na tuairime, agus bí buíoch den chabhair. |
| Milleán a chur ar dhaoine eile | Féadfaidh sé gur chuir an cathaoirleach nó an/na stiúrthóir(í) droch-chomhairle ort. Ach níl sé feiliúnach é seo a rá ag an *viva*. |
| Ag Cur an Iomarca Luacha ar do Chuid Oibre | Fiú más iontach an obair atá déanta agat agus tú ag cur leis an réimse áirithe, fág faoi dhaoine eile é sin a rá, mar go bhfuil meas ar an modhúlacht. |

Tógtha ó: Glatthorn, (1998, l. 185); Roberts (2004, l. 184); Wisker (2008, l. 380).

## *Ceisteanna a Ullmhú, a Fhreagairt agus a Chur*

Déanann go leor iarrthóirí dearmad go bhfuil cead acu ceisteanna a chur agus dul i mbun comhrá leis na scrúdaitheoirí. Mar chuid dá bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil, ba cheart d'iarrthóirí tarraingt ar shaineolas na scrúdaitheoirí trí cheisteanna a chur. (Bolker, 1998). Mar shampla, mura luann scrúdaitheoirí príomhsmaointe, torthaí nó buntáistí, is faoin iarrthóir atá sé ceist a chur ar na scrúdaitheoirí cén tuairim atá acu féin i leith na gceisteanna seo (Wisker, 2008). Tugann dioscúrsa den chineál seo deis don iarrthóir a c(h)uid dúthrachta i leith na hoibre a léiriú chomh maith leis an ábhar dochtúra atá iontu (Trafford agus Leshem, 2008). Is cinnte go bhfuil na stiúrthóirí, na scrúdaitheoirí agus an cathaoirleach ar fad ag iarraidh go n-éireoidh leis an iarrthóir. Go deimhin, amhlaidh chomh láidir is atá an tráchtas is mó seans atá ann go ndéanfaidh na scrúdaitheoirí tástáil ar thuairimí an iarrthóra maidir le dearadh, anailís agus impleachtaí an taighde.

Cé go mbíonn faitíos ar dhaoine roimh an *viva*, is féidir leis a bheith spreagthach agus is féidir go mbainfí sult as (Leonard, 2001).



# An *Viva* agus ina dhiaidh

## Ar an lá

> *To reassure the candidate, it ought to be said that his or her knowledge of the subject after a three- or four-year period of study for the thesis ought to be superior to that of the examiners, so that if he or she has confidence in the thesis, the oral examination ought to be an interesting intellectual exercise rather than an ordeal* ***(Graves and Varma, 1997, p. 93).***

Ag teacht i ngar do lá an *viva*, is fiú clár oibre gníomhaíochtaí a chur le chéile a chabhróidh le d'ullmhúchán. Chun moltaí a fháil faoi na gníomhaíochtaí seo, féach ar Murray (2008; féach Caibidil 4 *Countdown to the viva*); Tinkler agus Jackson (2011; féach Caibidil 10 *Viva Preparation – Final Stage*); agus Rugg agus Petre (2004; féach Caibidil 14 The *viva*).

Ar lá an *viva*, moltar don iarrthóir a bheith i láthair 20 nó 30 nóiméad roimh an am. Smaoineamh maith is ea é alt a bheith le léamh agat chun an t-am a chaitheamh ar fhaitíos go mbeadh moill ar chúrsaí. Cé go bhfuil sé tábhachtach a bheith compordach le linn an *viva, is ócáid fhoirmiúil atá inti*. Chun tábhacht na hócáide a aithint, is ceart gléasadh mar is cóir – "smart and business-like", ach rud éigin a mbeidh an t-iarrthóir compordach ann (Leonard, 2001, l. 251). Tá noda breise faoi lá an *viva* ar fáil i dTábla 4.

## *Tábla 4: Noda ar lá an Viva*

| Céard is ceart a thabhairt leat | What the Candidate Should Demonstrate During the *Viva* |
|---|---|
| • Cóip den tráchtas<br>• Peann luaidhe, peann dubh, agus leabhar nótaí<br>• Ciarsúr glan<br>• Liosta de bhotúin chló a chonacthas ó leagadh an tráchtas isteach<br>• Buidéal uisce | • Meas ar an gcóras acadúil agus ar an disciplín<br>• Máistreacht ghinearálta ar an réimse agus ar na huirlisí intleachtacha a bhaineann leis<br>• Léiriú ar neamhspleáchas intleachtach<br>• Páirt a ghlacadh sa dioscúrsa acadúil |

*Tógtha ó: Delamont et al. (2004, l. 152) agus Rugg agus Petre (2004, l. 175).*

Is minic a chuireann an cathaoirleach tús leis an *viva* trí chur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, uaireanta bheadh cur i láthair 15 go 20 nóiméad i gceist anseo ón iarrthóir faoina c(h)uid taighde. Mura bhfuil gá leis an gcur i láthair, is féidir leis na scrúdaitheoirí ceist a chur ar an iarrthóir míniú a thabhairt ar an staidéar, an tsuim a bhí aige/aici ar dtús san ábhar, conas a ndeachthas i mbun an taighde, na modhanna a úsáideadh agus na torthaí (Glatthorn, 1998; Thomas agus Brubaker, 2000). "The intent is to give [the candidate] a chance to explain something [they] are intimately acquainted with and, in doing so, [the candidate conquers their] initial nervousness" (Thomas agus Brubaker, 2000, l. 261).

Má tá cleachtadh déanta ag an iarrthóir don *viva*, is mó seans go dtarlóidh plé dearfach leis na scrúdaitheoirí. Tá sé cabhrach má ghlacann an t-iarrthóir "proactive, nondefensive position" (Rudestam agus Newton, 2001, l. 194) agus go gcuireann sé/sí leis an dearcadh seo le "body language of composed listening and reflecting" (Leonard, 2001, l. 251). Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach breathnú díreach ar bhaill an phainéil, éisteacht go gníomhach leis an dioscúrsa agus a bheith *gealgháireach*.

Níor cheart go mbeadh dul amú ar na hiarrthóirí agus go gceapfaidís nach bhfuil sa scrúdú cainte ach comhrá cairdiúil. Tá na scrúdaitheoirí ann chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán acadúil an tráchtais agus is deis atá sa *viva* don iarrthóir a c(h)uid oibre a chur i láthair. Ach mar sin féin, "a *viva* is more like a seminar than an interrogation" (Russell, 2008, l. 121); is deis atá ann díospóireacht agus plé a bheith ann ar na saincheisteanna a bhfuil aird tarraingthe ag taighde an iarrthóra orthu. Mar thoradh air sin, is iondúil go mbíonn an t-atmaisféar le linn an scrúdaithe cainte "collegial and non-inquisitorial" (Wisker, 2008, l. 302). "In most instances, it is an exciting, congenial and pleasurable experience" (Roberts, 2004, l. 179).

# I ndiaidh an *Viva*

*A PhD is a life-changing personal journey. It is the mental equivalent of running the London marathon or swimming the Channel* **(Russell, 2008, p. 132).**

I ndiaidh an *viva*, bíonn brón de shaghas ar an iarrthóir, mar go raibh an oiread ama caite aige/aici leis an tráchtas (Murray, 2009). Ceapfaidh roinnt iarrthóirí go raibh gnéithe den *viva* crua nó strusmhar, nó go mb'fhéidir nach raibh siad sásta leis an toradh. Go deimhin is fearr tacaíocht a bheith ar fáil don iarrthóir chun déileáil le díomá den chineál seo, is é sin go mbeadh do mhuintir agus do chairde ar fáil duit is cuma cén toradh a bheidh ar an *viva*.

Nuair a bheidh an toradh agat, bí ag ceiliúradh! Nuair a éiríonn leis an iarrthóir sa *viva*, tá sé/sí mar chuid den phobal acadúil agus tá sé/sí ar aon chéim go hacadúil leo siúd a bhí mar stiúrthóirí, mar chomhairleoirí nó mar ollúna aige/aici. Is aitheantas ar leith atá ann, bronnadh príobháideach ar bhealach (Bolker, 1998). Lena chois sin, tá píosa téagartha taighde curtha i gcrích ag an iarrthóir agus tá eolas curtha aige/aici lena d(h)isciplín; is cinnte gur cheart a leithéid d'éacht a cheiliúradh. Gan dabht, bíonn roinnt iarrthóirí chomh traochta tar éis phróiseas an *viva* go gcuireann siad siar an ceiliúradh go ceann cúpla lá nó seachtain i ndiaidh an scrúdaithe cainte. Is cuma cén uair a dhéanann tú é, bí cinnte an éacht shuntasach seo a bhaineann le dochtúireacht a bhaint amach a cheiliúradh.

# Ceartúcháin a dhéanamh

*There tends to be a significant letdown for students at the conclusion of successful defending their dissertations. Often this emotional letdown includes not wanting to see the dissertation ever again* **(Rudestam and Newton, 2001, p. 195).**

Nuair a bheidh an *viva* críochnaithe, tá sé tábhachtach gan an obair a chaitheamh i dtraipisí, agus ba cheart na ceartúcháin riachtanacha a dhéanamh chomh luath agus is féidir (Sternberg, 1981; Rudestam agus Newton, 2001). Caithfear mioncheartúcháin a bheith déanta laistigh de mhí amháin, agus ba cheart mórcheartúcháin a bheith déanta laistigh de thrí mhí ón uair a eisítear tuairisc na scrúdaitheoirí. Formhór an ama, is é/í an scrúdaitheoir inmheánach a dhéanfaidh maoirsiú ar na ceartúcháin a bheith curtha i bhfeidhm go sásúil. Dá bhrí sin, is fiú oibriú go dlúth leis an scrúdaitheoir inmheánach le cinntiú go ndéantar an tráchtas a leasú de réir thuairisc scríofa na scrúdaitheoirí. Ba chóir go mbeadh treoracha sonracha sa tuairisc sin ar a bhfuil le baint amach (Pearce, 2005).

## Tuairimí Scoir

Níl aon dabht ach gur eispéireas trasfhoirmeach atá sa PhD. Ag tráthanna ar leith, tá seans gur cheap iarrthóirí go raibh an próiseas a bhaineann le dochtúireacht a chur i gcrích, "gruelling, overwhelming, and oftentimes aversive," ach chomh maith leis sin tá sé ina "important transition into the world of the professional scholar" (Rudestam agus Newton, 2001, l. 196).

***Go n-éirí leat!***



# Liosta Tagairtí*

Bolker, J. (1998) *Writing your Dissertation in Fifteen Minutes a Day: A Guide to Starting, Revising and Finishing Your Doctoral Thesis.* . Markham, Ontario, Ceanada: Henry Holt and company.

Burton, S. agus Steane, P. (2004) *Surviving Your Thesis.* Londain, Sasana: Routledge.

Delamont, S., Atkinson, P. agus Parry, O. (2004) *Supervising the Doctorate: A Guide to Success, An Dara hEagrán*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

Glatthorn, A.A. (1998) *Writing the Winning Dissertation: A Step-by-Step Guide*. Thousand Oaks, CA, SAM: Corwin Press.

Graves, N. agus Varma, V. (eagí.) (1997) *Working for a Doctorate: A Guide for the Humanities and Social Sciences*. Londain, Sasana: Routledge.

Lee, A. (2012) *Successful Research Supervision.* Abingdon, Oxon, Sasana: Routledge.

Leonard, D. (2001) A *Woman's Guide to Doctoral Studies*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

*Murray, R. (2009) *How to Survive Your Viva*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

*Treoirlínte OÉ Gaillimh: *Treoirlínte na hOllscoile do Chéimeanna Taighde: Do mhic léinn taighde, do stiúrthóirí agus don fhoireann.* Ar fáil ag http:// www.nuigalway.ie/graduatestudies.

*Pearce, L. (2005) *How to Examine a Thesis*. Berkshire,

*Téacs a mholtar go láidir

Sasana: Open University Press.

Phillips, E.M. agus Pugh, D.S. (2010) *How to Get a PhD: A Handbook for Students and their Supervisors, an Cúigiú hEagrán*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

Roberts, C.M. (2004) *The Dissertation Journey: A Practical and Comprehensive Guide to Planning, Writing, and Defending Your Dissertation*. Thousand Oaks, GA, SAM: Sage Publications.

Rudestam, K.E. agus Newton, R.R. (2001) *Surviving Your Dissertation: A Comprehensive Guide to Content and Process, An Dara hEagrán*. Londain, Sasana: Sage Publications.

*Rugg, G. agus Petre, M. (2004) *The Unwritten Rules of PhD Research*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

Russell, L. (2008) *Dr Dr, I feel like … Doing a PhD*. Continuum International Publishing Group.

Sternberg, D. (1981) *How to Complete and Survive a Doctoral Dissertation*. Nua Eabhrac, NY, SAM: St. Martin's Press.

Thomas, R.M. agus Brubaker, D.L. (2000) *Theses and Dissertations: A Guide to Planning, Research, and Writing*. Westport, GT, SAM: Greenwood Publishing Group.

*Tinkler, P. agus Jackson, C. (2011) *The Doctoral Examination Process: A Handbook for Students, Examiners and Supervisors*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

Trafford, V. agus Leshem, S. (2008) *Stepping Stones to Achieving Your Doctorate: Focusing on Your Viva from the Start*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

Wisker, G. (2008) *The Postgraduate Research Handbook: Succeed with Your MA, MPhil, EdD and PhD*. Houndsmill, Basingstoke, Hampshire, Sasana: Palgrave Macmillan.

## Foinsí Breise

Dunleavy, P. (2003) *Authoring a PhD: How to Plan, Draft, Write and Finish a Doctoral Thesis or Dissertation*. Houndsmill, Basingstoke, Hampshire, Sasana: Palgrave Macmillan.

Eley, A. agus Murray, R. (2009) *How to be an Effective Supervisor: Best Practice in Research Student Supervision*. Berkshire, Sasana: Open University Press.

Finn, J. (2005) *Getting a PhD: An Action Plan to Help You Manage Your Research, Your Supervisor and Your Project*. Londain, Sasana: Routledge.

Lee, N.J. (2008) *Achieving Your Professional Doctorate*. Berkshire, Sasana: Open University Press.



# Aguisín 1: Ceisteanna Coitianta a chuirtear ag *Viva**

## Topaic

1. Céard atá nua faoi do chuid taighde? Cé na ceisteanna atá mar bhunchloch an taighde?
2. Cén fáth ar thug tú faoin taighde seo? Cén fáth a roghnaigh tú an fhadhb sin go sonrach? Cén fáth nár thug tú aghaidh ar an bhfadhb eile seo ina háit?
3. Céard go díreach atá tú ag iarraidh a fháil amach? Nílim cinnte céard atá i gceist le do ráiteas faidhbe.

## Litríocht

4. Céard iad na príomhshnáithe teoiriciúla sa réimse seo: cá bhfuil na smaointe ríthábhachtacha agus cé atá taobh thiar díbh sin?
5. Céard iad na príomhcheisteanna (i.e., ábhar díospóireachta nó conspóide) sa réimse seo?
6. Cén chaoi a gcuireann na teoiricí agus an litríocht bunús faoi na ceisteanna agus cén chaoi a bhfreagraíonn siad iad? Céard iad na creatlaí coincheapúla ábhartha a thógtar ón litríocht?
7. Cé na teoiricí a chuireann bunús le do chuid oibre? Cén fáth an ceann seo go háirithe?
8. Cén cur chuige teoiriciúil eile ar smaoinigh tú air, ach nár roghnaigh tú?
9. Tá léirmheas déanta agat ar an litríocht thábhachtach, ach an féidir leat a shoiléiriú dom céard a d'fhoghlaim tú ón litríocht?
10. Nuair a bhí an léirmheas litríochta ar siúl agat,

* Tógtha ó: Glatthorn (1998, lgh. 1 86-188); Delamont et al. (2004, l. 153); Pearce (2005, lgh. 72-76; Roberts (2004, lgh. 183-183); Rugg agus Petre (2004, lgh. 180-181); Russell (2008, lgh. 128-129); Wisker (2001, lgh. 299-300).

cén fáth ar roghnaigh tú féachaint ar an staidéar áirithe sin?

11. Céard a cheap tú a bhí an-úsáideach i leabhar/alt X?

12. Is cosúil go bhfuil na nithe tábhachtacha seo fágtha ar lár agat i do léirmheas litríochta. An féidir leat a mhíniú cén fáth nach bhfuil na saothair seo agus na torthaí a bhaineann leo luaite i do léirmheas? An bhfuil aon srianadh ort mar gheall ar na modhanna a roghnaigh tú?

13. Tá an saothar áirithe seo san áireamh i do léirmheas litríochta, ach ní leagtar tábhacht air níos mó. Cén fáth ar roghnaigh tú an saothar sin a chur san áireamh?

14. Feicim go luann tú X i do leabharliosta. Céard a cheapann tú de na saothair is nuaí acu?

15. Cén áit a bhfeiceann tú do thráchtas i dtéarmaí na dteoiricí agus na ndíospóireachtaí atá ann cheana féin? Céard a cheapfadh na taighdeoirí mór le rá faoi do chuid smaointe?

16. Ón uair a scríobh tú do léirmheas litríochta, ar thug tú aon saothar nuafhoilsithe faoi deara?

## Modhanna

17. Céard iad na buntáistí agus na srianta coibhneasta a bhaineann leis na modhanna fiosrúcháin a d'úsáid tú?

18. Cén chaoi a gcuireann an mhodheolaíocht agus na modhanna ar do chumas ceisteanna a chur agus a mheas agus déileáil leis na smaointe?

19. Cén fáth ar roghnaigh tú an modh áirithe sin? Cén fáth nár bhain tú úsáid as an modh eile seo?

20. An féidir leat a shoiléiriú dom an chaoi a mbaineann an modh áirithe a roghnaigh tú go díreach leis an bhfadhb a bhí á staidéar agat?

21. Tabhair eolas dúinn ar phríomhghnéithe do shampla. An raibh aon difríochtaí idir na samplaí beartaithe agus na samplaí a úsáideadh ar deireadh? An bhfuil tú sásta leis an sampla a bhain tú amach?

22. Cén ghaolmhaireacht shonrach a bhí agat le comhthéacs agus le hábhair an staidéir? An gceapann tú go raibh aon tionchar ag an ngaolmhaireacht sin ar an staidéar?

23. Cé na bealaí nach raibh an comhthéacs nó na hábhair sin ionadaíoch? An raibh aird agat ar fhadhb na haitíopúileachta?

24. An féidir leat a shoiléiriú dom cé na nósanna imeachta a lean tú le cinntiú go raibh aird ag do chuid taighde ar phrionsabail na gairme maidir le nósanna imeachta eiticiúla?

## Torthaí

25. Cén chaoi a dtagann na torthaí leis an litríocht atá ar marthain?

26. Is dóigh liom gur bhain tú míbhrí as torthaí an staidéir sin. An bhféadfá cur síos a dhéanamh dom ar a gceapann tú atá léirithe sa staidéar sin?

27. Níl mé cinnte céard atá i gceist sa tábla sin. An bhféadfá é a mhíniú dom?

28. I dtéacs do thráchtais déanann tú tagairt do na sonraí áirithe seo, ach ní léir dom aon tábla ná eile a thacaíonn leis an bhfigiúr sin.

29. Is cosúil go dtéann na torthaí a luann tú ar an leathanach seo in aghaidh na dtorthaí a luann tú in áit eile. An féidir leat an dearmad seo a mhíniú?

30. An féidir leat bunús a thabhairt don toradh seo, mar is cosúil nach bhféadfaí é a thuar?

## Conclúidí, Moltaí agus Impleachtaí

31. Chuir tú roinnt saincheisteanna sa chéad chaibidil. Níl mé cinnte gur fhreagair tú gach ceann de na ceisteanna sin. An bhféadfá breathnú siar ar na ceisteanna sin agus nasc a tharraingt idir iad agus na torthaí?

32. Tá d'achoimre sách ginearálta. An bhféadfá labhairt níos sonraí faoi na torthaí tábhachtacha a fuair tú?

33. Níl mé cinnte go dtacaíonn do chuid torthaí leis na conclúidí. An bhféadfá míniú sonrach a thabhairt dom ar an gcaoi a dtagann an chonclúid seo ó thorthaí an staidéir?

34. Tá do chuid moltaí nó an plé a rinne tú ar impleachtaí an staidéir róghinearálta, dar liom. An féidir leat a mhíniú go sonrach mar a tháinig tú ar an moladh áirithe seo?

35. Dá mbeadh 5 nóiméad agat le labhairt le grúpa comhghleacaithe faoi impleachtaí do staidéir, céard a déarfá leo?

## Machnamh, Rannpháirtíocht agus Taighde amach anseo

36. Cé na rudaí a chuir iontas ort agus tú i mbun an taighde seo? An bhfuil aon díomá ort?

37. Cén sórt fadhbanna a bhí agat le do chuid

taighde? Cén chaoi ar dhéileáil tú le fadhbanna a tháinig chun cinn?

38. Dá mbeadh tú ina thús arís, cén chaoi a n-athrófá rudaí?

39. Céard é do mheas ar láidreachtaí agus ar laigí do staidéir?

40. Dar leat, céard é an ghné is suntasaí den obair atá déanta agat?

41. Tá roinnt botúin chló i do thráchtas. An raibh tú ar an eolas faoi na botúin seo?

42. Céard a d'fhoghlaim tú faoin ábhar? Céard a d'fhoghlaim tú fút féin?

43. An féidir leat nasc a dhéanamh idir do chuid torthaí agus taighde tábhachtach eile sa réimse? Cén bealach a bhfuil curtha agat leis an réimse dar leat? Céard a d'fhéadfadh daoine eile a dhéanamh le torthaí an taighde?

44. Céard a deir do staidéar leis an lucht gairmiúil i do réimse?

45. Cén chomhairle a chuirfeá ar mhac léinn nua ag tosú sa réimse seo?

46. Céard iad na chéad chéimeanna eile, dar leat, sa taighde seo?

47. Cé na pleananna atá agat féin maidir le tuilleadh taighde a dhéanamh sa réimse seo?

48. Cén plean foilseacháin atá agat don ábhar i do thráchtas?

49. Cén cheist ar cheart dom a bheith curtha agam ort agus nár chuir mé, agus cén freagra a bheadh tugtha agat orm?

# Notaí

# Notaí

**An Oifig Staidéir Iarchéime**
**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**
**Bóthar na hOllscoile, Gaillimh**
**www.nuigalway.ie/graduatestudies**